An Coimisiún Pleanála

# Uaireanta oscailte, Teorainneacha ama agus Ár Seirbhísí

## Nollaig 2025 agus Athbhliain 2026

## Clár Ábhar


**Maidir leis an Treoir seo .................... 3**

**Gluais .................... 4**

**Uaireanta Oscailte: Nollaig 2025 agus Athbhliain 2026 .................... 5**

**Réamhrá .................... 6**

**Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt .................... 9**

Cén uair atá feidhm ag riail na Tréimhse Saoire agus ag riail an Deiridh Seachtaine? .................... 9

Cad a tharlóidh idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir? .................... 10

An mbeidh mé in ann fós earraí a sheoladh chuig an gCoimisiún Pleanála nó iad a sheachadadh dó le linn na Nollag agus na hAthbhliana? .................... 10

Féilire: Dátaí deiridh le haghaidh iarratas pleanála a dhéanamh (Samhain 2025 go hEanáir 2026) .................... 11

Dhá Shampla Tréimhse Ama le haghaidh Cásanna Achomhairc Pleanála .................... 14

**Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce .................... 16**

**Amharc ar cháschomhaid a ndearnadh cinneadh orthu: Rochtain Phoiblí .................... 17**

**Déan Teagmháil Linn .................... 17**

## Maidir leis an Treoir seo

Sa treoir seo, tugtar faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- Ár n-uaireanta oscailte le linn na tréimhse agus cén uair a bheidh tú in ann amharc ar cháschomhaid a ndearnadh cinneadh orthu.
- Tréimhse saoire na Nollag 2025 agus na hAthbhliana sa Choimisiún Pleanála.
- Conas a bheidh na naoi lá de laethanta saoire na Nollag agus na hAthbhliana (ón 24 Nollaig go dtí an 1 Eanáir, agus an dá dháta sin san áireamh) in ann difear a dhéanamh duit agus tú ag déanamh achomhairc, iarratais, barúlacha, iarrataí, agus aighneachtaí chugainn.
- Dhá riail thábhachtacha maidir le teorainneacha ama agus tréimhsí ama thar an Nollaig agus an Athbhliain, agus samplaí den dóigh a n-oibríonn na rialacha sin agus den dóigh a ndéanann siad difear do chásanna.

Níl an treoir seo beartaithe ach amháin chun faisnéis ghinearálta, cúnamh ginearálta agus treoir ghinearálta a thabhairt. Ní míniú dlíthiúil ar an reachtaíocht í. Ní mór do léitheoirí an fhoráil reachtúil is iomchuí dá n-imthosca ar leith féin a leanúint agus, le linn dóibh déanamh amhlaidh, ba cheart dóibh a gcomhairle shaineolach féin a fháil, más gá.

## Gluais

| Téarma | Tuairisc |
|---|---|
| **Achomharc** | Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh ar iarratas pleanála arna dhéanamh ag údarás pleanála. |
| **Achomharcóir** | Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc. |
| **Iarratasóir** | Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann iarratas pleanála chuig údarás pleanála. |
| **Measúnacht Chuí** | Scrúdú ar phlean nó ar thionscadal chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh sé drochthionchar a imirt ar láithreán atá faoi chosaint faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Ghnáthóga. (Is treoir í sin a bhaineann le caomhnú an fhiadhúlra agus an dúlra.) |
| **Údaráis rialaithe foirgníochta** | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle cathrach agus contae – atá freagrach as an rialú foirgníochta ina limistéar. |
| **Neamhbhailí** | Ní chomhlíonann ní na ceanglais reachtúla uile a cheanglaítear le dlí agus le rialacháin chun go measfaí gur cás é. |
| **Barúil** | Doiciméad arna chur isteach ag **Soláthraí Barúla** (féach freisin **Aighneacht**). |
| **Soláthraí Barúla** | Duine a dhéanann barúil/aighneacht ar achomharc nó iarratas atá ann cheana leis an gCoimisiún Pleanála. |
| **Éisteacht ó bhéal** | Is é is éisteacht ó bhéal ann ná cruinniú a sheoltar chun go mbeifear in ann saincheisteanna iomchuí i gcás ar leith a phlé agus a scrúdú. |
| **Údarás pleanála** | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle cathrach agus contae – atá freagrach as an bpleanáil ina limistéar. |
| **Reachtúil** | Ní a chinntear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Is é is dlí reachtach ann ná dlí a ritheann an Rialtas é. |
| **Fógra reachtúil** | Faisnéis a cheanglaítear le dlí agus a chaithfimid a sheoladh chugat nó a chur ar fáil don phobal. |
| **Ceanglais reachtúla** | Ceanglais a cheanglaítear le dlí chun go mbeidh cás bailí. |
| **Aighneacht** | Doiciméad ar achomhairc nó ar iarratais a bhféadfadh ábhair thacaíochta amhail grianghraif, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith ar áireamh ann. |
| **Toiliú Ionaid** | Iarratas ar chead a dhéantar go díreach chuig an gCoimisiún Pleanála maidir le forbairt a rinneadh cheana féin agus ar cheart roinnt, nó gach ceann, de na measúnachtaí seo a leanas a bheith déanta aici ach nach ndearna sí iad:<br>• Measúnacht Tionchair Timpeallachta,<br>• Cinneadh maidir leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta,<br>• Measúnacht Chuí. |
| **Bailí** | Comhlíonann ní na ceanglais reachtúla uile a cheanglaítear le dlí agus le rialacháin chun go measfaí gur cás é. |

# Uaireanta Oscailte: Nollaig 2025 agus Athbhliain 2026

| Lá le linn na seachtaine | Dáta | Uaireanta Oscailte |
|---|---|---|
| An Luan | 15 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Mháirt | 16 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Chéadaoin | 17 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Déardaoin | 18 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Aoine | 19 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Luan | 22 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Mháirt | 23 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Chéadaoin | 24 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| **An Déardaoin** | **25 Nollaig** | **Dúnta** |
| **An Aoine** | **26 Nollaig** | **Dúnta** |
| **An Luan** | **29 Nollaig** | **Dúnta** |
| An Mháirt | 30 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| An Chéadaoin | 31 Nollaig | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |
| **An Déardaoin** | **1 Eanáir** | **Dúnta** |
| An Aoine | 2 Eanáir | 9.15 a.m. - 5.30 p.m. |

## Réamhrá

Thar thréimhse na Nollag 2025 agus tréimhse na hAthbhliana 2026, beidh an Coimisiún Pleanála **dúnta** ar cheithre lá. Is iad seo na laethanta sin:

- 25 Nollaig 2025 🎄
- 26 Nollaig 2025 🎄
- 29 Nollaig 2025 🎄
- 1 Eanáir 2026 🎄

Le linn na tréimhse saoire, beimid **oscailte** ar thrí lá:

- 24 Nollaig 2025
- 30 Nollaig 2025
- 31 Nollaig 2025

Ar na laethanta a bheimid oscailte, beidh tú in ann fós achomhairc, iarratais, atreoruithe, barúlacha agus aighneachtaí a dhéanamh agus éisteachtaí ó bhéal a iarraidh. Beidh tú in ann amharc ar cháschomhaid inár n-oifig freisin, agus beidh ár bhfoireann ar fáil chun aon cheisteanna atá agat a fhreagairt.

Déanann an tréimhse saoire idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir difear dóibh seo a leanas:

- Na teorainneacha ama maidir le cén uair is féidir leat doiciméid a sheoladh chugainn nó a sheachadadh dúinn,
- Na teorainneacha ama i litreacha fógra reachtúil a d'fhéadfadh a bheith seolta againn chugat.

Sula mínímid cad a tharlóidh idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir, agus an dá dháta sin san áireamh (naoi lá), is gá dúinn míniú a thabhairt ar **dhá riail thábhachtacha** lena ndéantar difear do theorainneacha ama agus do thréimhsí ama. Is iad sin:

1. **riail na tréimhse saoire**, agus
2. **riail an deiridh seachtaine**.

Tá míniú ar na rialacha sin tugtha thíos.

## 1. Riail na Tréimhse Saoire

Faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, is í an tréimhse saoire ná na naoi lá seo a leanas (a bhfuil dath **órga** orthu san fhéilire thíos):

- 24 Nollaig
- 25 Nollaig
- 26 Nollaig
- 27 Nollaig
- 28 Nollaig
- 29 Nollaig
- 30 Nollaig
- 31 Nollaig
- 1 Eanáir

**December 2025 – January 2026**

| Sun | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 28 | 29 |
| 30 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | 1 | 2 | 3 |

Le linn na tréimhse saoire, beimid **oscailte** ar thrí lá:

- 24 Nollaig
- 30 Nollaig
- 31 Nollaig

**Nóta:** Cé go mbeimid oscailte ar na laethanta sin, beidh feidhm ag riail na tréimhse saoire thíos **fós**.

### Conas a dhéanann riail na tréimhse saoire difear do theorainneacha ama don phobal:

Más rud é go bhfuil tú chun

- Achomharc
- Iarratas
- Barúil
- Iarraidh
- Aighneacht

a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála ar aon cheann de na naoi lá sin, nó más mian leat déanamh amhlaidh, tabharfaidh an tréimhse saoire idir **lá amháin agus naoi lá sa bhreis** duit chun d'earra a sheoladh nó a sheachadadh.

**Sampla: Achomharc pleanála a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála**

Má dhéanann an t-údarás pleanála a chinneadh ar chás Dé hAoine an 28 Samhain 2025, is é Déardaoin an 25 Nollaig 2025 an dáta deiridh le haghaidh achomharc a dhéanamh. Mar sin féin, is é an lá sin ceann de na laethanta sa tréimhse saoire. Mar sin de, cuirtear naoi lá leis i ndiaidh dháta dlite an 25 Nollaig 2025, rud a fhágann gurb é **an Luan an 5 Eanáir 2026** an dáta athbhreithnithe.

**November - December 2025 – January 2026**

| Sun | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 30 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | | | | | |

## 2. Riail an Deiridh Seachtaine

Más rud é go dtiteann an dáta deiridh ar a bhféadfaimid doiciméid a fháil ar an Satharn, ar an Domhnach, ar lá saoire poiblí nó ar lá eile ar a mbeidh ár n-oifig dúnta, beimid in ann iad a fháil faoi 5.30 p.m. ar an **gcéad lá oibre eile** ar a mbeidh ár n-oifig ar oscailt. **Sampla:** Más rud é go bhfuil tú chun rud a sheoladh nó a sheachadadh Dé Sathairn an 3 Eanáir 2026, ba é **an Luan an 5 Eanáir 2026** an chéad lá oibre eile ar a mbeidh tú in ann d'earra a sheoladh nó a sheachadadh.

## An bhfuil feidhm ag an dá riail sin maidir le gach cás a láimhseálann an Coimisiún Pleanála?

Agus teorainneacha ama thar Nollaig 2025 agus Athbhliain 2026 á ríomh, braitheann na rialacha a bhfuil feidhm acu ar an Acht iomchuí, mar is féidir leat a fheiceáil sa tábla thíos.

| **Faoi:** | **Is iad na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na cásanna seo ná …** |
|---|---|
| Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ... | ... tá feidhm ag riail na tréimhse saoire **agus** ag riail an deiridh seachtaine – san ord sin. |
| Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus na hAchtanna um Thruailliú Uisce ... | **...** tá feidhm ag riail an deiridh seachtaine agus ag an riail sin **amháin**. |

Déantar cur síos ar na leathanaigh seo a leanas ar an dóigh a bhfuil feidhm ag riail na tréimhse saoire agus ag riail an deiridh seachtaine ar dtús maidir le cásanna atá faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (féach leathanaigh 9 go 14, agus an dá leathanach sin san áireamh). Ina dhiaidh sin, déanaimid cur síos ar an dóigh a bhfuil feidhm ag riail an deiridh seachtaine agus ag an riail sin amháin maidir leis na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, leis na hAchtanna um Thruailliú Uisce, agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil agus Forbairt) (Fuinneamh In-athnuaite), 2025 (féach leathanach 15).

# Cásanna faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

## Cén uair atá feidhm ag riail na Tréimhse Saoire agus ag riail an Deiridh Seachtaine?

Beidh feidhm ag an dá riail sin más mian leat:

- achomharc pleanála,
- achomharc um fhorbairt chónaithe mórscála (FCM),
- tarchur,
- barúil ar achomharc reatha nó barúil ar iarratas reatha,
- aighneacht ar dhoiciméid a sheolamar chugat,
- iarraidh ar éisteacht ó bhéal,
- iarratas, achomharc nó iarraidh ar aon fheidhm eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a dhéanamh. Mar shampla:
    - Toilithe Ionaid
    - Measúnachtaí Cuí

## Cad a tharlóidh idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir?

Ón 24 Nollaig go dtí an 1 Eanáir, beidh feidhm ag riail na tréimhse saoire maidir le teorainneacha ama agus le tréimhsí ama. Beidh feidhm ag riail an deiridh seachtaine **freisin** má thiteann an lá deiridh athbhreithnithe ar an Satharn nó ar an Domhnach.

## An mbeidh mé in ann fós earraí a sheoladh chuig an gCoimisiún Pleanála nó iad a sheachadadh dó le linn na Nollag agus na hAthbhliana?

Beidh. Beidh tú in ann do chuid earraí a sheoladh chugainn nó a sheachadadh dúinn fós le linn na Nollag agus na hAthbhliana ar na laethanta a bheimid ar oscailt – an Chéadaoin an 24 Nollaig, an Mháirt an 30 Nollaig, agus an Chéadaoin an 31 Nollaig 2025. **Ní gá** duit fanacht go dtí go mbeidh an tréimhse saoire thart chun d'earra a sheoladh nó a sheachadadh más mian leat déanamh amhlaidh. **Ní mór** duit na ceanglais reachtúla uile a leanúint chun achomharc bailí, iarratas bailí, barúil bhailí, iarraidh bhailí nó aighneacht bhailí a dhéanamh. Fágann sé sin gur gá duit an treoir iomchuí ar ár suíomh Gréasáin a sheiceáil ag an nasc seo: Fáilte romhat chuig an gCoimisiún Pleanála | An Coimisiún Pleanála -

**Nóta Tábhachtach**

Ná cuir d'achomharc, d'iarratas ná d'iarraidh isteach i mbosca litreacha ár n-oifige agus ná seol chugainn é nó í le ríomhphost toisc go mbeidh d'achomharc, d'iarratas nó d'iarraidh neamhbhailí. Molaimid do dhaoine den phobal gan a mbarúil a chur isteach i mbosca litreacha ár n-oifige ná í a sheoladh chugainn le ríomhphost.

Is é an bealach is tapa agus is fusa chun do bharúil a sheoladh chugainn ná í a sheoladh ar líne. Bain úsáid as ár saoráid uaslódála ar líne ag: **https://online.pleanala.ie/en-ie/planning-appeals/observation**. I gcás aighneachtaí ar dhoiciméid achomhairc a fuair tú uainn, lean an chomhairle sa litir a fuair tú uainn nó déan teagmháil linn le haghaidh tuilleadh cabhrach a fháil.

**Sampla:** Tá m'achomharc le bheith faighte faoin gCéadaoin an 31 Nollaig 2025, arb é ceann de na laethanta a bheidh sibh oscailte thar na laethanta saoire é. An bhfágann sé sin nach mór dom é a chur isteach faoin dáta sin?

**Ní fhágann**. Cé go mbeimid ag obair an 24 Nollaig, an 30 Nollaig agus an 31 Nollaig 2025, baineann aon duine a bhfuil achomharc (nó earraí eile atá ar an liosta thuas) aige nó aici atá le bheith faighte faoi na dátaí sin leas as an am breise a cheadaítear faoi riail na saoire. Caitear leis na trí lá sin mar laethanta saoire nuair atá an riail á cur i bhfeidhm. Tá féilire tagartha le haghaidh na ndátaí deiridh le haghaidh achomharc pleanála a dhéanamh leagtha amach sa chéad rannán eile den treoir seo.

## Féilire: Dátaí deiridh le haghaidh iarratas pleanála a dhéanamh (Samhain 2025 go hEanáir 2026)

Is féidir leis na táblaí thíos cabhrú leat an lá deiridh le haghaidh achomharc a dhéanamh a ríomh nuair a bheidh cinneadh déanta ag an údarás pleanála **idir** an Luan an 24 Samhain 2025 agus an Aoine an 2 Eanáir 2026, agus an dá dháta sin **san áireamh** (ach ní chumhdaítear deirí seachtaine leis). Cuirtear riail na tréimhse saoire agus riail an deiridh seachtaine i bhfeidhm leis an tábla seo nuair a theastaíonn siad.

Chun a fháil amach cén dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás pleanála:

1. Aimsigh an dáta a rinne an t-údarás pleanála a chinneadh ar an iarratas pleanála i gcolún na láimhe clé den tábla iomchuí.
2. Téigh chuig colún na láimhe deise ansin chun an dáta deiridh ar a bhféadfaidh tú achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála a fheiceáil.

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 24 Samhain 2025 | An Luan an 22 Nollaig 2025 |
| Dé Máirt an 25 Samhain 2025 | An Luan an 22 Nollaig 2025 |
| Dé Céadaoin an 26 Samhain 2025 | An Mháirt an 23 Nollaig 2025 |
| Déardaoin an 27 Samhain 2025 | An Aoine an 2 Eanáir 2026 |
| Dé hAoine an 28 Samhain 2025 | An Luan an 5 Eanáir 2026 |

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 1 Nollaig 2025 | An Mháirt an 6 Eanáir 2026 |
| Dé Máirt an 2 Nollaig 2025 | An Chéadaoin an 7 Eanáir 2026 |
| Dé Céadaoin an 3 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 8 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 4 Nollaig 2025 | An Aoine an 9 Eanáir 2026 |
| Dé hAoine an 5 Nollaig 2025 | An Luan an 12 Eanáir 2026 |

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 8 Nollaig 2025 | An Mháirt an 13 Eanáir 2026 |
| Dé Máirt an 9 Nollaig 2025 | An Chéadaoin an 14 Eanáir 2026 |
| Dé Céadaoin an 10 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 15 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 11 Nollaig 2025 | An Aoine an 16 Eanáir 2026 |
| Dé hAoine an 12 Nollaig 2025 | An Luan an 19 Eanáir 2026 |

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 15 Nollaig 2025 | An Mháirt an 20 Eanáir 2026 |
| Dé Máirt an 16 Nollaig 2025 | An Chéadaoin an 21 Eanáir 2026 |
| Dé Céadaoin an 17 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 22 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 18 Nollaig 2025 | An Aoine an 23 Eanáir 2026 |
| Dé hAoine an 19 Nollaig 2025 | An Luan an 26 Eanáir 2026 |

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 22 Nollaig 2025 | An Mháirt an 27 Eanáir 2026 |
| Dé Máirt an 23 Nollaig 2025 | An Chéadaoin an 28 Eanáir 2026 |
| Dé Céadaoin an 24 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 25 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 26 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |

| Déanann an tÚdarás Pleanála cinneadh ar iarratas pleanála | An dáta deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála |
|---|---|
| Dé Luain an 29 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Dé Máirt an 30 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Dé Céadaoin an 31 Nollaig 2025 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Déardaoin an 1 Eanáir 2026 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |
| Dé hAoine an 2 Eanáir 2026 | An Déardaoin an 29 Eanáir 2026 |

## Dhá Shampla Tréimhse Ama le haghaidh Cásanna Achomhairc Pleanála

**Sampla 1**

Ba mhaith liom barúil a chur isteach maidir le hachomharc pleanála. Fuair an Coimisiún Pleanála an t-achomharc deiridh Dé hAoine an 5 Nollaig 2025.

Is í an teorainn ama faoinar gá duit do bharúil a chur isteach ná **an Luan an 12 Eanáir 2026.**

**Cén fáth?**

1. Más rud é gur Dé hAoine an 5 Nollaig 2025 a fhaightear an t-achomharc pleanála deiridh agus gur mian leat barúil a chur isteach, ba é an Déardaoin an 1 Eanáir 2026 an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine (féach an tsiombail X san fhéilire).
2. Áirítear leis an tréimhse ceithre seachtaine sin na naoi lá uile den tréimhse saoire.
3. Cuirimid naoi lá breise leis an lá deiridh le haghaidh barúil a chur isteach chuig an gCoimisiún Pleanála. Is é an lá deiridh ar a bhféadfar an bharúil sin a fháil ná **an Luan an 12 Eanáir 2026** (féach an **ciorcal órga** san fhéilire).

Sa sampla seo, úsáidtear riail na tréimhse saoire agus riail an deiridh seachtaine araon. Cuirtear riail na tréimhse saoire i bhfeidhm ar an gcéad dul síos, agus ansin cuirtear riail an deiridh seachtaine i bhfeidhm.

**December 2025 – January 2026**

| Sun | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | | | | | |

**Sampla 2**

Is páirtí mé in achomharc. Sheol an Coimisiún Pleanála cóip d'achomharc chugam Dé hAoine an 12 Nollaig 2025, agus is mian liom aighneacht a dhéanamh air.

Is í an teorainn ama faoinar gá duit aighneacht a dhéanamh ar an achomharc ná **an Luan an 19 Eanáir 2026.**

**Cén fáth?**

1. Más rud é go scríobhaimid chugat le cóip d'achomharc Dé hAoine an 12 Nollaig 2025 agus gur mian leat aighneacht a dhéanamh, ba é an Déardaoin an 9 Eanáir 2025 an lá deiridh den tréimhse ceithre seachtaine (féach an tsiombail X san fhéilire).
2. Áirítear leis an tréimhse ceithre seachtaine sin na naoi lá uile den tréimhse saoire.
3. Is é an lá deiridh le haghaidh aighneacht a dhéanamh ná naoi lá breise ón Aoine an 9 Eanáir 2026. Is é sin an Domhnach an 18 Eanáir 2026, nuair a bheimid dúnta.
4. Tá feidhm ag riail an deiridh seachtaine agus is é an lá deiridh ar a bhféadfaidh tú d'aighneacht a dhéanamh ná an chéad lá oibre eile ar a mbeidh ár n-oifig oscailte, is é sin **an Luan an 19 Eanáir 2026** (féach an **ciorcal órga** san fhéilire).

Sa sampla seo, úsáidtear riail na tréimhse saoire agus riail an deiridh seachtaine araon. Cuirtear riail na tréimhse saoire i bhfeidhm ar an gcéad dul síos, agus ansin cuirtear riail an deiridh seachtaine i bhfeidhm.

**December 2025 – January 2026**

| Sun | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | | | | | |

## Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce

Déanann laethanta saoire na Nollag agus na hAthbhliana difear d'achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce freisin. Tá difríocht thábhachtach ann idir na teorainneacha ama leis na cásanna sin agus na teorainneacha ama le hachomhairc phleanála agus le hiarratais phleanála. Tá feidhm ag riail an deiridh seachtaine agus ag an riail sin **amháin** maidir le teorainneacha ama leis na cásanna sin.  **Níl feidhm ag riail na tréimhse saoire maidir le cás faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta ná faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce.**

**Sampla:**

Ba mhaith liom achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán. Rinne an t-údarás rialaithe foirgníochta an cinneadh ar an iarratas Dé Céadaoin an 26 Samhain 2025.

Is í an teorainn ama faoinar gá duit d'achomharc a dhéanamh ná **an Mháirt an 30 Nollaig 2025.**

**Cén fáth?**

1. I gcás cinneadh a dhéanfar Dé Céadaoin an 26 Samhain 2025, ba é an lá deiridh den tréimhse míosa ná an Déardaoin an 25 Nollaig 2025 (féach an tsiombail **X** san fhéilire thíos).
2. Beimid dúnta Déardaoin an 25 Nollaig 2025 agus Dé Luain an 29 Nollaig. Úsáidtear riail an deiridh seachtaine agus is é an lá deiridh ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh ná an chéad lá oibre eile ar a mbeidh ár n-oifig oscailte.
3. Dá bhrí sin, is é an lá deiridh ar a bhféadfar an t-achomharc sin a fháil ná **an Mháirt an 30 Nollaig 2025** (féach an ciorcal **órga** san fhéilire).

**December 2025 – January 2026**

| Sun | Mon | Tues | Wed | Thu | Fri | Sat |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 30 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | 1 | 2 | 3 |

## Amharc ar cháschomhaid a ndearnadh cinneadh orthu: Rochtain Phoiblí

Is féidir leat amharc ar cháschomhaid a ndearnadh cinneadh orthu trínár seirbhís rochtana poiblí thar thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana ar laethanta ar a mbeimid oscailte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce. Más rud é gur mhaith leat amharc ar cháschomhad a ndearnadh cinneadh air, déan teagmháil linn ag publicaccess@pleanala.ie chun am a shocrú chun amharc ar an gcomhad nó ar na comhaid. Cuirfidh sé sin ar chumas ár mball foirne an comhad nó an bosca a bheith ar fáil san oifig acu nuair a thagann tú chun amharc air.

## Déan Teagmháil Linn

Más rud é gur mhaith leat cóip den doiciméad seo a fháil i bhformáid dhifriúil nó go dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoin difear a dhéanfaidh tréimhse na Nollag agus na hAthbhliana do do chás, **déan teagmháil linn.**

| | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar ár n-oifigí nó scríobh chugainn ag:** | An Coimisiún Pleanála<br>64 Sráid Mhaoilbhríde<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 V902 |
| **Glaoigh orainn ar:** | (01) 858 8100 nó Íosghlao: 1800 275 175 |
| **Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin:** | www.pleanala.ie |

An tEagrán seo: **Samhain 2025**